# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2003

# SPÁINNIS - GNÁTHLEIBHÉAL

**(320 marc)**

AN MHÁIRT, 17 MEITHEAMH - MAIDIN, 9.30 go dtí 12.00

**STAMPA AN IONAID**

**UIMHIR AN IARRTHÓRA**

**N.B. LE hAGHAIDH AN SCRÚDAITHEORA AMHÁIN**

| | |
|---|---|
| 1. Iomlán na n-iomlán dheireadh leathanaigh | |
| 2. Iomlán do cheisteanna neamhcheadaithe | |
| 3. Marc iomlán a bronnadh (1 lúide 2) | |
| 4. Bónas don fhreagairt trí Ghaeilge (más cuí) | |
| 5. Marc iomlán a bronnadh má tá bónas don Ghaeilge san áireamh (3+4) | |

Nóta: Ní mór go mbeadh an marc i gcolún 3 (nó colún 5 má tá bónas don Ghaeilge san áireamh) comhionann leis an marc sa bhosca don **MHÓRIOMLÁN** sa script.

| CUID | ROINN | MARC |
|---|---|---|
| I | A | |
| | B | |
| | C | |
| | D | |
| II | A | |
| | B | |
| | C | |
| | D | |
| III | A | |
| | B | |
| | C | |
| IOMLÁN | | |
| BÓNAS | | |
| **MÓRIOMLÁN** | | |

**TREORACHA GINEARÁLTA**

1. Tá trí chuid sa pháipéar seo: Triail Chlostuisceana é Cuid I; Triail Léamhthuisceana é Cuid II; Triail i Scríobh na Teanga é Cuid III.
2. Ba chóir d'iarrthóirí tabhairt faoi **gach roinn** sna trí chuid den pháipéar agus a gcuid freagraí a scríobh sna hionaid chuí ar an bpáipéar scrúdaithe. (Tá páipéar breise le fáil má bhíonn gá leis.)
3. Ba chóir aird ar leith a thabhairt ar na treoracha ar leith do gach mír faoi mar a thugtar iad ar an téip agus/nó ar an bpáipéar scrúdaithe.
4. Nuair a bhíonn tú réidh le CUID I téigh ar aghaidh láithreach go dtí an dá chuid eile.
5. DÉAN DEIMHIN DE GO SCRÍOBHFAIDH TÚ **D'UIMHIR SCRÚDAITHE** SA SPÁS THUAS.

**N.B. Maidir leis an TRIAIL CHLOSTUISCEANA, tá na Treoracha, mar a thugtar ar an téip iad, le léamh ar an scrúdpháipéar seo.**

# CUID I: TRIAIL CHLOSTUISCEANA (140 MARC)

Mura bhféadann tú an téip a chlos go soiléir, ardaigh do lámh anois chun a chur in iúl don bhFeitheoir nach mór athchóiriú a dhéanamh ar an bhfuaim. Ní ceart cur isteach ar imeachtaí na trialach féin.

Ceithre Roinn atá sa triail: Roinn A: Comhráití; Roinn B: Fógraí; Roinn C: Blúire Nuachta; Roinn D: Sleachta Tuairisciúla.

**RANNA A, B AGUS C**

Cloisfidh tú gach mír sna ranna seo trí huaire. Léifear an chéad uair í chun tuairim ghinearálta den bhrí a thabhairt duit agus moltar duit éisteacht go géar agus gan freagraí a scríobh. Ag deireadh an léimh seo cloisfidh tú dhá ghíog. Ag deireadh an dara léamh cloisfidh tú dhá ghíog agus beidh sos daichead soicind ina dhiaidh sin ann. Le linn an tsosa seo ba chóir na freagraí ar na ceisteanna scríofa a bhreacadh síos **i nGaeilge** sna hionaid chuí ar an scrúdpháipéar. Le linn an tríú léamh téigh siar ar do chuid freagraí agus leasaigh iad de réir mar is gá. Ag deireadh an léimh seo cloisfidh tú nóta leanúnach á chur in iúl go bhfuil deireadh leis an triail ar an mír áirithe sin. Beidh sos deich soicind ann idir na míreanna.

## A. DIÁLOGOS

**1.** **Pidiendo direcciones.**
Ag lorg treonna.

*(a)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. (Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Teastaíonn ón mbean dul go dtí

☐ an trá ☐ an pháirc ☐ an linn snámha.

*(b)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. (Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Chun dul ann

☐ tiomáinfidh sí ☐ tógfaidh sí an bus ☐ siúlfaidh sí.

**2.** **En la estación de trenes.**
Ag an stáisiún traenach.

*(a)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. (Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Teastaíonn ón mbean dul go dtí

☐ Salamanca ☐ Santander ☐ Santiago.

*(b)* Cén t-am a bhíonn an chéad traein ann?

……………………………………………………………………………………

*(c)* An bhfuil biacharr ar an traein?

……………………………………………………………………………………

**3.** **<u>Haciendo una reserva en el hotel.</u>**
Ag cur tí ósta in áirithe.

*(a)* Cé mhéad oíche ar mhaith leis an bhfear fanacht?

…………………………………………………………………………………………

*(b)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. (Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Cosnaíonn an seomra dúbalta

☐ €70 ☐ €80 ☐ €90.

*(c)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. (Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Íocfaidh an fear

☐ le hairgead tirim ☐ le seic ☐ le cárta creidmheasa.

**4.** **<u>Una llamada telefónica</u>.**
Glaoch teileafóin.

*(a)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. (Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Níl Isabel sa bhaile mar tá sí

☐ ar scoil ☐ ag an bpictiúrlann ☐ ar cuairt ag cairde.

*(b)* Cé a thabharfaidh an teachtaireacht do Isabel?

…………………………………………………………………………………………

*(c)* Cén fáth a bhfuil ar an múinteoir ceoil an ceacht a chealú?

…………………………………………………………………………………………

## B. UNOS ANUNCIOS

**1.** **<u>En el supermercado</u>.**
San ollmhargadh.

*(a)* Luaigh táirgeadh <u>amháin</u> atá ar tairiscint speisialta.

…………………………………………………………………………………………

*(b)* Ainmnigh blastanas <u>amháin</u> atá luaite sa dara tairiscint speisialta.

…………………………………………………………………………………………

**2.** **<u>En el colegio</u>.**
Ar scoil.

*(a)* Cén lá ar a ndéantar an scéala seo a fhógairt?

……………………………………………………………………………………………

*(b)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Beidh an scoil ag dúnadh go luath mar gheall ar

☐ chluiche ☐ chruinniú foirne ☐ chruinniú tuismitheoirí.

**3.** **<u>En la estación de autobuses</u>.**
Ag an stáisiún bus.

*(a)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Fágfaidh an bus i gceann

☐ 2 neomat ☐ 10 neomat ☐ 12 neomat.

*(b)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
De réir an fhógra, ar an mbus, níl cead agat

☐ ithe ☐ bruscar a chaitheamh ☐ tobac a chaitheamh.

**4.** **<u>En la radio</u>.**
Ar an raidió.

*(a)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Tá an díolachán seo ar siúl de dheasca

☐ tine ☐ tuile ☐ dúnadh siopa.

*(b)* Cén t-am a thosnóidh an díolachán?

……………………………………………………………………………………………

*(c)* Ainmnigh earra <u>amháin</u> atá luaite a bheidh sa díolachán.

……………………………………………………………………………………………

## <u>C. UNA NOTICIA</u>

**<u>Accidentes de tráfico</u>.**
Timpistí tráchta.

*(a)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Cé mhéad duine a gortaíodh an deireadh seachtaine seo?

☐ 14 ☐ 16 ☐ 18.

*(b)* Luaigh saghas <u>amháin</u> feithicile a bhí i gceist sa timpiste ba mheasa.

……………………………………………………………………………………………

*(c)* Cé mhéad duine arbh éigean a thabhairt go dtí an t-ospidéal de dheasca na timpiste seo?

……………………………………………………………………………………………

# D. DESCRIPTIVO

Léifear gach sliocht trí huaire. Ní bheidh sosanna ann le linn an chéad ná an tríú léamh; le linn an dara léamh beidh sos inmheánach agus sos deiridh ann a mhairfidh 40 soicind an ceann. Le linn na sosanna seo scríobh do chuid freagraí ar na ceisteanna cuí. Cuireann an nóta leanúnach i ndiaidh tríú léamh an dara sliocht in iúl go bhfuil deireadh leis an Triail Chlostuisceana.

**1.** **La familia real española.**

Teaghlach Ríoga na Spáinne

*(a)* Cén chathair inar saolaíodh an Rí Juan Carlos?

……………………………………………………………………………………………..

*(b)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Sa bhliain 1962

☐ pósadh é ☐ tháinig sé i gcoróin ☐ d'fhág sé an Spáinn.

*(c)* Cé mhéad duine clainne atá air?

……………………………………………………………………………………………..

***SOS**

*(d)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Tá cion ar leith ag Teaghlach Ríoga na Spáinne ar

☐ sheoltóireacht ☐ shacar ☐ leadóg.

*(e)* **Cuir tic sa bhoiscín cuí. ( Níl ach freagra ceart amháin ann.)**
Pósadh Elena i

☐ Seville ☐ Granada ☐ Córdoba.

***SOS**

**2.** **Los españoles de vacaciones.**

Spáinnigh ar laethanta saoire.

*(a)* Cá háit sa Spáinn a dtéann Spáinnigh ar saoire de ghnáth?

…………………………………………………………………………………………….

*(b)* Luaigh gníomhaíocht amháin a mbaineann Spáinnigh taitneamh aisti nuair a bhíonn siad ar saoire.

…………………………………………………………………………………………….

***SOS**

*(c)* Ainmnigh ceann amháin de na nithe is tábhachtaí do Spáinnigh a bhíonn ar saoire.

…………………………………………………………………………………………….

*(d)* Luaigh rud amháin a bhfaigheann Spáinnigh locht air nuair a bhíonn siad ar saoire.

…………………………………………………………………………………………….

***SOS**

**N.B. 40 soicind le linn an dara léamh amháin .**

# CUID II: LÉAMHTHUISCINT (120 MARC)

## ROINN A (10 MARC)

Freagair gach ceann díobh seo a leanas, **1 – 5**, trí thic (✓) a chur sa bhoiscín cuí.

**1.** Cén saghas siopa a gceannaítear **feoil** ann?

| | | | |
|---|---|---|---|
| **ESTANCO** | ☐ | **CARNICERÍA** | ☐ |
| **FARMACIA** | ☐ | **ZAPATERÍA** | ☐ |

**2.** Nuair a bhíonn an aimsir **fuar**, deir tú:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **HACE CALOR** | ☐ | **HACE FRÍO** | ☐ |
| **HACE SOL** | ☐ | **HACE VIENTO** | ☐ |

**3.** Cé acu ceann díobh seo a chiallaíonn **amhránaí**?

| | | | |
|---|---|---|---|
| **ACTOR** | ☐ | **CANTANTE** | ☐ |
| **FUTBOLISTA** | ☐ | **PROFESOR** | ☐ |

**4.** Is é is **UN CABALLO** ann ná saghas áirithe:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **AINMHÍ** | ☐ | **ÉISC** | ☐ |
| **SPÓIRT** | ☐ | **GLASRA** | ☐ |

**5.** Is é is **UNA TAZA** ann ná:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **CUPÁN** | ☐ | **FORC** | ☐ |
| **PLÁTA** | ☐ | **SPIÚNÓG** | ☐ |


**ROINN B (45 MARC)**


Léigh na míreanna seo a leanas, **1** go **6**, agus freagair **i nGaeilge** na ceisteanna i ngach cás.

**1.**

**TEATRO ESPADA DE MADERA**

**A partir del 7 de abril**





jueves y viernes a las 20h.30

'BODAS DE SANGRE'
**de**
**LORCA**

**RESERVAS: 915 28 04 35**

**Calle Calvario 21**

Precio entrada: 20 euros    Precio reducido: 12 euros (jubilados, estudiantes)

*(a)* Cén dá lá sa tseachtain ar ar féidir an dráma seo a fheiceáil?

(i) ______________________________ (ii) ______________________________

*(b)* Luaigh grúpa amháin daoine ar féidir leo ráta laghdaithe 12 euro a fháil.

______________________________________________________________

**2.** **Liam Neeson, herido en un accidente.**



Liam Neeson tuvo que ir al hospital tras un accidente de moto en las afueras de Nueva York. El actor se cayó de su Harley Davidson cuando evadó a un perro que se cruzó en la carretera y resultó con fractura de pelvis y quemaduras.

*(a)* Cá raibh timpiste ag Liam Neeson?

______________________________________________________________

*(b)* Cad ba chúis leis an timpiste?

______________________________________________________________

*(c)* Luaigh ceann amháin de na gortuithe a bhain dó.

______________________________________________________________